II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2026 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 a mhéid a bhaineann le maoluithe sealadacha áirithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil fíona a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus an tréimhse cur chun feidhme a bhaineann leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 219(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach roinnt maoluithe ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, *inter alia*, san earnáil fíona, maoluithe a bhí dírithe ar fhaoiseamh a thabhairt d'oibreoirí fíona agus cuidiú leo tionchar phaindéim COVID-19 a láimhseáil. Mar sin féin, cé go raibh na bearta sin an-úsáideach, níor éirigh leis an margadh fíona teacht ar chothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh arís.

(2) Níl paindéim COVID-19 faoi smacht. Ní leor na feachtais vacsaínithe i roinnt réigiún den Aontas agus ar fud an domhain agus tá srianta gluaiseachta agus bearta scartha shóisialta á gcur i bhfeidhm i gcónaí i bhformhór na dtíortha. Fós ar na bearta sin tá srianta á bhforchur maidir le taisteal, méid na gcruinnithe sóisialta, cóisirí príobháideacha, imeachtaí poiblí agus na deiseanna a bheidh ann a bheith ag ithe agus ag ól lasmuigh den áitreabh pearsanta. Tagann laghdú breise ar thomhaltas an fhíona san Aontas, ar stoic atá mór agus, ar bhonn ginearálta, bíonn suaitheadh sa mhargadh de bharr thionchar na srianta sin. Baineann an tríú cuid den tomhaltas fíona i roinnt Ballstát leis an turasóireacht. Dá bhrí sin, tá laghdú leanúnach tagtha ar an tomhaltas fíona agus tá na stoic fós ard. Bhí tionchar diúltach tromchúiseach ar ioncam táirgeoirí fíona san Aontas de dheasca thionchar na paindéime, mar aon leis na taraifí a d'fhorchuir na Stáit Aontaithe agus an scaitheamh seaca san Eoraip i mí Aibreáin 2021. Meastar gur laghdú idir 15 % agus 20 % ar an meán ar láimhdeachas earnáil fíona an Aontais an éifeacht a bhí ag an meascán fachtóirí sin uile, agus caillteanais suas le 40 % tuairiscithe ag roinnt cuideachtaí.

(3) Ina theannta sin, tá an éiginnteacht maidir le fad na géarchéime, rud atá deacair fós a thuar mar gheall ar luaineacht thapa an víris, ag cur leis an suaitheadh suntasach atá ann faoi láthair i margadh fíona an Aontais. Ciallaíonn sé sin go dtógfaidh téarnamh na hearnála níos faide ná mar a tuaradh ag tús 2021. Dá bhrí sin, is iomchuí leanúint de thacaíocht shealadach agus eisceachtúil a thabhairt d'earnáil fíona an Aontais chun an méadú ar na féimheachtaí a tuairiscíodh a sheachaint.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 maidir le bearta eisceachtúla sealadacha lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil torthaí agus glasraí agus san earnáil fíona a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus ar na bearta a eascraíonn as (IO L 140, 4.5.2020, lch. 6).

(4) Ós rud é gur ionstraim thábhachtach é an t-árachas buainte chun rioscaí a bhainistiú, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le teagmhais dhíobhálacha aeráide amhail na tréimhsí déanacha agus fada de shioc crua i mí Aibreáin 2021 agus na rioscaí a bhaineann le suaitheadh sa mhargadh amhail na rioscaí sin a eascraíonn as paindéim COVID-19, is iomchuí, trí mhéadú a dhéanamh ar an tacaíocht a chuireann an tAontas ar fáil don bheart sin, dreasacht níos láidre a sholáthar d'fhíonsaothraithe árachas buainte a fháil. Is iomchuí freisin go gcumhdódh an dreasacht sin níos mó ná bliain mhargaíochta amháin, toisc gur léiríodh ón taithí go dtí seo go raibh glacadh na tacaíochta i gcomhair árachas buainte an-teoranta. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach am leordhóthanach a bheith ann chun na Ballstáit agus na hoibreoirí san earnáil fíona a chur ar an eolas agus a spreagadh chun leas a bhaint as an ráta eisceachtúil tacaíochta sin. Dá bhrí sin, is gá ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an tacaíocht i gcomhair árachas buainte dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 a mhéadú ón 16 Deireadh Fómhair 2021 go dtí deireadh na clárthréimhse 2019-2023.

(5) Thairis sin, ós rud é nach bhfuiltear ag dréim leis go n-éireoidh le margadh fíona an Aontais teacht ar chothromaíocht an athuair idir an soláthar agus an t-éileamh sa ghearrthéarma, is gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart a leagtar síos in Airteagal 5a, Airteagal 6, Airteagal 7(2) agus Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2022.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 a leasú dá réir sin.

(7) Chun an leanúnachas a áirithiú idir na blianta airgeadais 2021 agus 2022, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus feidhm a bheith aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

"De mhaolú ar Airteagal 49(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i gcás oibríochtaí a roghnaítear ón 4 Bealtaine 2020 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2021, ní rachaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an tacaíocht i gcomhair árachas buainte thar 70 % de chostas na bpréimheanna árachais arna n-íoc ag na táirgeoirí i gcomhair árachais:";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"I gcás oibríochtaí a roghnófar ón 16 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2023, ní bheidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an tacaíocht i gcomhair árachas buainte níos airde ná 80 % de chostas préimheanna árachais den sórt sin.";

(2) in Airteagal 10, cuirtear "an 15 Deireadh Fómhair 2022" in ionad an dáta "an 15 Deireadh Fómhair 2021".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN